Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Feabhra 2024
(OR. en)

5789/24

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0464 (NLE)**

**ACP 9
COAFR 42
COLAC 14
COASI 10
WTO 12
RELEX 98**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile |

**CINNEADH (AE) 2024/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh,
an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta
idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt,
agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib
agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 217, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), agus Airteagal 218(8), an dara fomhír, de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

---

[1] Toiliú an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2023/2861 ón gComhairle[2], síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, (‘an Comhaontú’) an 15 Samhain 2023, faoi réir a thabhairt i gcrích ag dáta níos déanaí.

(2) Léirítear sa Chomhaontú an dlúthchaidreamh stairiúil idir an tAontas agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin den pháirt eile, agus na naisc láidir atá á bhforbairt eatarthu agus atá ag dul i ndlúithe, agus léirítear gur mian leo a gcaidreamh a neartú agus a leathnú a thuilleadh ar bhealach uaillmhianach agus nuálach. Leis an gComhaontú athshainítear an caidreamh idir an tAontas agus a Bhallstáit agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, lena n-áirítear na tosaíochtaí agus na modhanna oibre sna réimsí éagsúla beartais a chumhdaítear leis an gComhaontú.

---

[2] Cinneadh (AE) 2023/2861 ón gComhairle an 20 Iúil 2023 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile (IO L, 2023/2861, 28.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2861/oj).

(3) Ní dochar tabhairt i gcrích sealadach an Chomhaontaithe d'fheidhmiú a n-inniúlachtaí náisiúnta ag na Ballstáit, go háirithe i réimsí an chomhair um fhorbairt, an oideachais agus na himirce, i gcomhréir leis na Conarthaí, agus ní dhéanann sé difear d'fhreagrachtaí na mBallstát i gcomhréir leis na Conarthaí.

(4) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Comhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile[3] ('an Comhaontú'), a fhormheas thar ceann an Aontais.

*Airteagal 2*

Déanfaidh Uachtarán na Comhairle a thaisceadh, thar ceann an Aontais, an ionstraim lena léirítear toiliú an Aontais a bheith faoi cheangal an Chomhaontaithe dá bhforáiltear in Airteagal 98(2)[4] de.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[3] Foilsíodh téacs an Chomhaontaithe in IO L, 2023/2862, 28.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2023/2862/oj.

[4] Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.